Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Eanáir 2025
(OR. en)

5145/25

LIMITE

CORLX 19
CFSP/PESC 33
CSDP/PSDC 7
COWEB 2
EU-LEX 2
CSC 12

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2084 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Chosaiv* |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2084**
**lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Chosaiv***

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33, i gcomhar le hAirteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Feabhra 2008, chomhaontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) don Chosaiv a cheapadh.

(2) An 26 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2084[1] lena gceaptar Aivo ORAV ina ISAE don Chosaiv agus lena gcuirtear síneadh le sainordú ISAE don Chosaiv.

(3) Ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2024/2084 a leasú dá réir.

(5) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2024/2084 ón gComhairle an 26 Iúil 2024 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Chosaiv (IO L, 2024/2084, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2084/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2084 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (1):

‘1. Is é EUR 5 469 515,44 an méid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2026 a chumhdach.’;

(2) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

*‘Airteagal 13a*

*Rochtain ar dhoiciméid agus cosaint sonraí*

1. Cuirfidh ISAE i bhfeidhm na rialacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*]. Glacfaidh an tArdionadaí rialacha ábhartha cur chun feidhme a bhaineann le ISAE.

2. Déanfaidh ISAE daoine aonair a chosaint maidir le próiseáil a sonraí pearsanta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[**]. Glacfaidh an tArdionadaí rialacha ábhartha cur chun feidhme a bhaineann le ISAE.’

PUBLIC

* Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj).

** Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).’.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*